# Teicneolaíocht an Adhmaid

Nuachtlitir Theicneolaíocht Adhmaid - Fómhar 2021

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

## Gearrscannáin

Tá JCt4 i gcomhar leis **na hEalaíona sa tSraith Shóisearach** (AiJC) tar éis gearrscannáin a chur i dtoll a chéile le déanaí arbh fhiú iad a iniúchadh le scoláirí na Teicneolaíochta Adhmaid. Tá ***Treoir Do Mhúinteoirí*** ag gabháil le gach físeán. Cliceáil ar na híomhánna thíos chun teacht ar na hacmhainní seo.



***Na hEalaíona á gCur i nGníomh***

*Deileadh Adhmaid le Willie Creighton.*



***Paisean don Dearadh agus don Tógáil***

*Dearadh Troscán le Alan Meredith.*

## Fáilte

Fáilte go dtí eagrán an Fhómhair dár nuachtlitir do Theicneolaíocht Adhmaid JCt4. Daoibhse, ar léitheoirí nuachtlitreach nua sibh, tá fáilte romhaibh. Is féidir iar-nuachtlitreacha a fheiceáil **anseo**. Anuraidh, chuaigh muid i dteagmháil le múinteoirí trí na cnuascheardlanna agus na seimineáir ghréasáin ábhair ar líne. Más mian leat féachaint ar aon eolas ó cheardlanna FGL na bliana seo caite is féidir teacht air **anseo**. Is féidir ábhar ár seimineáir ghréasáin a fheiceáil **anseo.**

## Baill Foirne

Tá foireann JCt4 do Theicneolaíocht an Adhmaid ag súil le cabhrú le múinteoirí Teicneolaíocht Adhmaid ar fud na tíre sa bhliain amach romhainn. Más mian leat teagmháil a dhéanamh le haon duine den fhoireann, is féidir sin a dhéanamh ach **'Baill Foirne'** a sheiceáil ar **www.jct.ie**




## Measúnú Rangbhunaithe 2

### Féinanailís agus féinmheastóireacht scolairí

D'eisigh an CNCM doiciméad le déanaí i Meán Fómhair 2021 ina leagtar amach na socruithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích do chohórt scoláirí 2019 – 2022. Is féidir teacht ar an doiciméad sin **anseo**. Féach leathanach 3 le haghaidh dátaí tábhachtacha MRB 2. **Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcaithfidh gach scoláire reatha sa tríú bliain in 2021/2022 Measúnú Rangbhunaithe 2 i dTeicneolaíocht Adhmaid a dhéanamh,** mar atá leagtha amach sa doiciméad. Chomh maith leis sin, leagtar amach i leathanach 4 den doiciméad na príomhdhátaí do MRB 1 do scoláirí reatha na dara bliana.
Le haghaidh acmhainn JCt4 do MRB 2 i dTeicneolaíocht an Adhmaid, cliceáil **anseo.**

## Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2022

### An Roinn Oideachais – Lúnasa 2021

Mar is eol duit, tá doiciméad eisithe ag an Roinn Oideachais ina sonraítear na socruithe measúnaithe do scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta in 2022. Is féidir teacht ar an doiciméad trí chliceáil ar an íomhá ar dheis. Is féidir sonraí faoi shocruithe measúnaithe do Theicneolaíocht Adhmaid a fheiceáil ar **leathanach 100.**




## Múinteoirí Teicneolaíochta

Tá muid ag tnúth le comhdháil Chumann Múinteoirí Teicneolaíochta a thugann deis iontach dúinn bualadh le comhghleacaithe teagaisc ó gach cearn den tír. Tá sé i gceist ag feidhmeannas na Múinteoirí Teicneolaíochta an ócáid a sceidealú go luath, agus tá muid ag súil le bualadh leis na baill go léir ansin. Foilseofar sonraí ar technoteachers.ie

TechnoTeachers Association

## Na hAcmhainní is Déanaí

De réir mar a théann scoláirí Teicneolaíocht Adhmaid i ngleic le codanna éagsúla den mheasúnú i rith na bliana acadúla seo, d'fhéadfadh múinteoirí tairbhe a bhaint as na hacmhainní a uaslódáladh le déanaí ar an láithreán gréasáin againn lena n-áirítear 'Turas Dul Chun Cinn Mo Scileanna Teicneolaíocht Adhmaid', 'Mo Threoir Dhearaidh' agus straitéisí ranga a chuireann 'Smaointeoireacht Dearaidh' chun cinn.







## Coinnigh i dteagmháil

Bí ar an liosta seoltaí againn anseo, chun fanacht ar an eolas maidir le nuacht JCt4 go léir agus lean muid ar twitter freisin:

@JCt4ed

# Féilire na n-imeachtaí

Mar a tharla blianta roimhe seo, tá sraith ghnóthach imeachtaí beartaithe againn do 2021/2022 chun cabhrú le múinteoirí Teicneolaíocht Adhmaid i rith na bliana acadúla. Áirítear leis sin cnuascheardlanna, seimineáir ghréasáin, cruthú acmhainní chomh maith le ceardlanna roghnacha a sheachadadh atá á bhforbairt faoi láthair. Anseo thíos tá gearrléargas ar roinnt tréimhsí tábhachtacha do d'fhéilire agus go leor eile le teacht. Beidh dátaí agus amanna cruinne á n-eisiúint níos gaire do na himeachtaí.

| | |
|---|---|
| Deireadh Fómhair | Ceardlanna éascaithe AFMÁ |
| Deireadh Fómhair | Seimineár gréasáin Teicneolaíocht Adhmaid |
| Eanáir – Márta | Cnuasimeachtaí 2021/2022 |
| Aibreán | Seimineár gréasáin Teicneolaíocht Adhmaid |



Chun fanacht ar an eolas maidir leis na himeachtaí seo agus go leor imeachtaí eile, déan cinnte go bhfuil tú féin agus do chomhghleacaithe cláraithe leis an liosta seoltaí againn. Is féidir é sin a dhéanamh anseo.

# Teicneolaíocht Adhmaid sa nuacht!

Táimid i gcónaí ar ár n-aire agus ailt nuachta, físeáin agus láithreáin ghréasáin a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar spéise duit féin agus do do scoláirí á lorg againn. D'fhéadfadh na naisc thíos sibh a threorú i gceann roinnt gníomhaíochtaí suimiúla maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

***1.5*** *príomhfhaisnéis* ***a léiriú*** *go grafach.*
***2.1*** *fadhbanna dearaidh* ***a fhiosrú****.*
***2.2*** *faisnéis agus smaointeoireacht* ***a bhainistiú*** *chun tacú le próiseas dearaidh atriallach*
***2.5*** *faisnéis ábhartha* ***a chur in iúl****.*
***2.6*** *sceitsí, líníochtaí agus samhlacha/fréamhshamhlacha* ***a tháirgeadh*** *chun smaointe dearaidh a fhiosrú.*

Cliceáil ar na tíleanna íomhá thíos chun teacht ar naisc / físeáin úsáideacha.



***An tábhacht a bhaineann le nótaí a úsáid le linn sceitseáil deartha.***




***Cén fáth a n-úsáidtear samhaltú i ndearadh.***



***Joseph Walsh – Dearthóir troscáin Éireannach.***

Ba mhaith le Foireann Theicneolaíocht Adhmaid gach rath a ghuí ort agus tá muid ag tnúth le bheith ag obair leat sa bhliain acadúil amach romhainn.

Le dea-mhéin,
**Foireann Theicneolaíocht Adhmaid JCt4**